2025.M57T

2025L033A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Gnó

## Roinn 1 agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

## Déardaoin 12 Meitheamh Maidin 9:30 - 12:30

400 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa Fhreagarleabhar seo. Déanfar an Freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, graif agus léaráidí.

Tá trí roinn sa scrúdú seo. Tugtar ceisteanna **Roinn 2** agus **3** ar cheistpháipéar ar leith ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa Fhreagarleabhar seo.

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:**

**(A)** **Ocht** gceist as **Roinn 1 agus**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i Roinn 2 agus**

**(C)** **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**

Ceist **amháin** as **Cuid 2**

agus **Dhá** cheist **ar bith eile**.

**Tá gach ceist i Roinn 3 ar cómharc.**

**Déanamh agus Múnla an Áireamháin a úsáideadh:**

| Roinn 1 | Ceisteanna Gearrfhreagra | 80 marc |
|---|---|---|

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** Is liosta de théarmaí gnó atá i g**Colún 1**.
Is liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin atá i g**Colún 2**.
*(Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí sin.)*

| | Colún 1: Téarmaí | | Colún 2: Míniúcháin |
|---|---|---|---|
| **1** | An Banc Ceannais Eorpach | **A** | Toghann saoránaigh Bhallstáit uile an Aontais Eorpaigh go díreach iad. |
| **2** | Cúirt Iniúchóirí na hEorpa | **B** | Déanann cinntí faoi aighnis idir ballstáit, institiúidí AE, gnólachtaí agus daoine aonair. |
| **3** | Parlaimint na hEorpa | **C** | Comhlacht tábhachtach cinnteoireachta san AE, cruinnithe aici ar a bhfreastalaíonn airí ábhartha as gach ballstát. |
| **4** | Comhairle an Aontais Eorpaigh | **D** | Bainistíonn airgeadra an euro agus beartais airgeadais an AE. |
| **5** | An Coimisiún Eorpach | **E** | Déanann iniúchadh ar chaiteachas bhuiséad an AE agus tuairiscíonn ar airgeadas an AE. |
| | | **F** | Freagrach as bainistíocht an AE ó lá go lá, agus molann dlíthe nua AE. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir ábhartha thíos.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**2.** **(a)** Mínigh an téarma Gnólacht Domhanda.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Ainmnigh **dhá** shampla de Ghnólachtaí Domhanda.

| |
|---|
| **1.** |
| **2.** |

**3.** I gcomhthéacs cúrsaí gnó, cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.) Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil.

| | |
|---|---|
| **GCA (*DAC*)** | |
| **CIN (*MNC*)** | |
| **CGFÉ (*IBEC*)** | |
| **CCC (*ICTU*)** | |
| **CBT (*CAP*)** | |

**4.** Cuir ciorcal thart ar an **rogha cheart** i gcás **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**(i)** **Tagraíonn/Ní thagraíonn** an téarma fás eacnamaíoch d'fhás gnólachta amháin thar thréimhse ama.

**(ii)** Is é atá sa ráta **fostaíochta/dífhostaíochta** ná an céatadán den lucht oibre nach bhfuil obair acu faoi láthair.

**(iii)** Má thagann méadú ar rátaí úis, beidh na haisíocaíochtaí iasachta **níos airde/níos ísle** dá bharr.

**(iv)** Is íocaíocht **éigeantach/dheonach** í an cháin a dhéanann teaghlaigh agus gnólachtaí leis an rialtas.

**(v)** Nuair a thagann méadú ar luach an euro (€) in aghaidh steirling na Breataine (£), éiríonn earraí a iompórtáiltear ón Ríocht Aontaithe **níos saoire/níos costasaí**.

**5.** Déan idirdhealú idir Cáin Gnóthachan Caipitiúil agus Cáin Fáltas Caipitiúil.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

6. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid chun cleachtas gnó eiticiúil a spreagadh.

| **(i)** |
| --- |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |

Is comhartha í an Ghiaráil den riosca airgeadais a bhaineann le comhlacht.

Arna chur in oiriúint ó Investopedia.com

7. **(a)** Mínigh an téarma Giaráil.

| |
| --- |
| |
| |

Is iad seo a leanas na figiúirí a bhaineann le Korn Teo. do 2024.

| | 2024 |
| --- | --- |
| Scairchaipiteal Údaraithe | €900,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe | €550,000 |
| Iasacht Fhadtéarmach | €300,000 |
| Cúlchistí/Tuilleamh Coimeádta | €50,000 |

**(b)** Ríomh an Cóimheas Fiachais/Cothromais. Taispeáin do chuid oibre.

**Obair**

**Freagra** ______________________________________________

**8.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe do ghnólacht a bhaineann le struchtúr maitríse eagraíochta (struchtúr foirne) a fhorbairt chun tionscadail faoi leith a chur i gcrích i ngnólacht.

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |

**9.** **(i)** Mínigh, agus sampla á úsáid agat, an téarma ionadú iompórtálacha.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a bheadh ag ardú in ionadú iompórtálacha ar Chomhardú na nÍocaíochtaí.

| |
|---|
| |
| |
| |

**10.** Déan cur síos ar **dhá** thoisc a chuirfidh gnólacht san áireamh nuair a bheidh meán fógraíochta cuí á roghnú acu.

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |

**11.** **(a)** Mínigh an téarma boilsciú.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Liostaigh dhá chúis a bhíonn le boilsciú.

| |
|---|
| **1.** |
| **2.** |


**12.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) maidir le tacú le gnólachtaí beaga in Éirinn.

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |

# An Freagarleabhar do Roinn 2 & 3

## Treoracha

Tá ceisteanna **Roinn 2 agus Roinn 3** ar fáil ar cheistpháipéar ar leith.
Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca atá ar bharr gach leathanaigh.
Úsáid an colún ar chlé chun gach cuid den cheist a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá dhá leathanach de ghrafpháipéar ar fáil sa fhreagarleabhar seo. Ar leathanaigh an ghrafpháipéir, is ag bun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Má bhíonn easpa spáis ort sa fhreagarleabhar seo, is ceadmhach duit breis páipéir no grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, graif agus léaráidí.

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|
| | |

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gnó Roinn 1 agus Freagarleabhar

Déardaoin 12 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:30

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Gnó – Ardleibhéal

## Roinn 2 agus 3

Déardaoin, 12 Meitheamh   Maidin 9:30 - 12:30

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a fhreagairt:**

**An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i Roinn 2 AGUS**

**Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

- Ceist **Amháin** as **Cuid 1**
- Ceist **Amháin** as **Cuid 2**
- Agus **Dhá** cheist ar bith eile

**Tá gach ceist i Roinn 3 ar cómharc**.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

| Roinn 2 | Ceist ar an nGnó Feidhmeach | 80 marc |
|---|---|---|

**Ceist éigeantach í seo a bhfuil 80 marc ag gabháil léi agus í bunaithe ar Aonaid 2, 3 agus 4.**

Scríobh do chuid freagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

## Inis Bia



Bhunaigh Pádraigín Nic Eoin Inis Bia in 2020. Bhí Pádraigín ag obair mar chócaire i mbialann agus thug sí faoi deara go raibh dúil na dtomhaltóirí ag athrú. Nuair a cuireadh ar iomarcaíocht í, rinne Pádraigín cinneadh a gnólacht féin a bhunú. Shocraigh sí a seid a athchóiriú mar mhionmhonarcha chun tosú ar bhéilí sláintiúla réamhdhéanta a tháirgeadh. Tháinig an-tóir ar tháirgí Inis Bia. Nuair a bhí a cuid táirgí ar díol ar fud na tíre, rinne Pádraigín cinneadh bogadh chuig áitreabh tráchtála.

Agus Inis Bia ag fás, bhí dúshláin roimh an ngnólacht. Bhí fadhb ann nuair a chuaigh custaiméir mór faoi leachtú agus níor íoc siad na sonraisc a bhí fós le híoc acu. Bhí fadhb ann maidir le comhsheasmhacht na mbéilí freisin mar go raibh ar Inis Bia na soláthraithe glasraí a athrú chun freastal ar an éileamh méadaithe. Chaill Inis Bia amach ar chonradh mór le siopa ilbhrainsí sa Ríocht Aontaithe i ngeall ar an éagsúlacht i gcomhsheasmhacht an táirge. Bhí iarracht ar siúl ag an ngnólacht lena chinntiú go gcoinneodh an táirgeadh suas le horduithe móra ó ollmhargaí na hÉireann. Bhí Pádraigín ag streachailt le taifid chruinne a choinneáil agus bhí imní uirthi go raibh an iomarca airgid á chaitheamh ag an ngnólacht. Thuig Pádraigín go gcaithfeadh sí réimse táirgí Inis Bia a leathnú le fanacht céim chun cinn ar na hiomaitheoirí. Thuig sí freisin go raibh uirthi breis foirne a earcú.

Ar mhaithe leis an méadú a éascú, cheap Pádraigín Micheál Breathnach ina bhainisteoir Acmhainní Daonna. Bhí Micheál freagrach as a chinntiú go bhfaigheadh Inis Bia an líon ceart d'fhostaithe cumasacha chun na pleananna don mhéadú a chur i gcrích. D'fhógair siad poist ar shuíomhanna earcaíochta ar líne agus sna nuachtáin náisiúnta agus áitiúla. Thug sé isteach 'córas páirtíochta' ina mbíonn gach ball foirne nua ina pháirtí ag fostaí a bhí ann cheana chun níos mó a fhoghlaim faoi ghnéithe éagsúla an ghnólachta. Buaileann na fostaithe leis an mbainisteoir Acmhainní Daonna go rialta anois freisin. Tugadh spreagthaí isteach freisin ar nós íocaíochtaí dílseachta d'fhostaithe a chaitheann breis agus trí bliana sa ghnólacht. Cuireadh oiliúint ar na fostaithe freisin i dtaca le bunphrionsabail na hoibre foirne ag ceardlann le déanaí. Ceapadh fostaí mar cheannaire tionscadail le déanaí chun an réimse táirgí veigeánacha a chuireann Inis Bia ar fáil a leathnú, a fheabhsú agus a fhorbairt.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na scileanna/tréithe fiontraíochta a léirigh Pádraigín. Déan tagairt don téacs i do fhreagra. (20)

**(B)** **(i)** Déan measúnú ar éifeachtacht na gcineálacha rialaithe bainistíochta atá i bhfeidhm ag Inis Bia. Déan tagairt don téacs i do fhreagra.

**(ii)** Mol slí a bhféadfaí cineál amháin rialaithe atá i bhfeidhm ag Inis Bia a fheabhsú. (30)

**(C)** Cur síos ar fheidhmeanna na bainistíochta acmhainní daonna ag Inis Bia. Déan tagairt don téacs i do fhreagra. (30)

## Roinn 3 — 240 marc

Scríobh do chuid freagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**

Ceist **amháin** as **Cuid 2**

agus **Dhá** cheist ar bith eile

**Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.**

## Cuid 1
## Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

**Ceist 1** — **Daoine sa Ghnó**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**(A)** Léirigh an tuiscint atá agat ar na gnéithe bunriachtanacha seo a leanas de chonradh bailí.

Comaoin    Cumas Conraithe    Toiliú le Conrú    Dlíthiúlacht foirme.    (20)

**(B)**

**Ceardchumainn sláinte chun ballóid faoi ghníomhaíocht thionsclaíoch a reáchtáil dá gcuid ball mar gheall ar ghanntanas foirne**




Arna chur in oiriúint ó www.rtenews.ie

Mínigh, agus samplaí á n-úsáid agat, na cineálacha éagsúla de ghníomhaíocht thionsclaíoch atá ann. (20)

**(C)**

€30,000 bronnta ar oibrí beáir 71 bliain d’aois mar gheall ar idirdhealú ar bhonn aoise.

Arna chur in oiriúint ó newstalk.com

**(i)** Sainmhínigh idirdhealú faoi mar a leagtar amach é san Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998/2015.

**(ii)** Liostaigh **ceithre** fhoras, seachas aois agus gnéaschlaonadh, ar a bhfuil an t-idirdhealú toirmiscthe faoin acht sin. (20)

| Ceist 2 | An Timpeallacht Intíre |
|---|---|

**(A)** Léirigh an tuiscint atá agat ar na cineálacha seo a leanas d’eagraíochtaí gnó.

Comhpháirtíocht     Trádálaí Aonair     Saincheadúnas     Cuideachta Phoiblí Theoranta

(20)

**(B)**

> De réir figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh le déanaí, is ag 4.1% a bhí ráta dífhostaíochta na tíre i mí na Samhna 2024, rud a léiríonn go bhfuil an geilleagar fós ag lánfhostaíocht.
> Arna chur in oiriúint ó cso.ie

Pléigh na buntáistí **agus** na dúshláin do ghnólachtaí na hÉireann a bhaineann le fostaíocht a mhéadú. (20)

**(C)**

**Gnólachtaí fáilteachais, turasóireachta agus miondíola i mbun agóide i mBaile Átha Cliath**




Arna chur in oiriúint ó rte.ie

Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh rialtas na hÉireann timpeallacht dhearfach a chruthú le haghaidh gnó. Bain úsáid as samplaí chun tacú le do fhreagra. (20)

| Ceist 3 | An Timpeallacht Idirnáisiúnta |
|---|---|

**(A)** **(i)** Agus úsáid á baint agat as samplaí, déan cur síos ar an difríocht idir treoir agus rialúchán mar chineálacha dlí san Aontas Eorpach (AE).

**(ii)** Mínigh ar an tionchar a bhíonn ag treoir sheanbhunaithe de chuid an AE ar ghnólachtaí Éireannacha. (20)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar an gcumasc margaíochta domhanda maidir le táirge de do rogha féin. (20)

**(C)**

> Is é an cuspóir atá ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (*WTO* i mBéarla) ná a chinntiú go leanfaidh an trádáil ar aghaidh gan deacracht agus gan srian, a oiread agus is féidir é.
>
> Arna chur in oiriúint ó wto.org

Léirigh na bacainní seo a leanas ar shaorthrádáil a d’fhéadfadh a bheith ann idir tíortha.

Trádbhac Cuóta Fóirdheontas Taraif (20)

| **Ceist 4** | **Daoine sa Ghnó** |
|---|---|

**(A)** Léirigh gach ceann de na modhanna a ainmnítear thíos chun conradh a fhoirceannadh.

Feidhmíocht　　Dírathú　　Sárú conartha　　Comhaontú　　(20)

**(B)**

> D'ordaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (*WRC* i mBéarla) do ghnólacht teicneolaíochta a d'admhaigh gur bhris siad a mbunaitheoir Éireannach as a phost go héagórach pacáiste íocaíochta €464,000 a íoc leis – an pacáiste íocaíochta is mó riamh.
>
> Arna chur in oiriúint ón Irish Times

Agus úsáid á baint agat as sampla, mínigh na forais i gcomhair dífhostú a mheastar a bheith cóir faoi théarmaí an Achta um Dhífhostú Éagórach 1977/2015. (20)

**(C)** **(i)** Mínigh an téarma caidreamh iomaíoch.

**(ii)** Mínigh na buntáistí a bhaineann gnólacht as caidrimh iomaíocha idir:

- dhá sholáthraí
- beirt fostaithe (20)

# Cuid 2
# Fiontraíocht

**Ceist 5** **Bainistíocht**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

“An fhadhb is mó ar fad a bhaineann leis an gcumarsáid ná an dul amú gur tharla sí.” – George Bernard Shaw

**(A)** Pléigh na tosca a bhíonn le cur san áireamh nuair a bhíonn meán éifeachtach cumarsáide á roghnú. (20)

**(B)** Déan anailís LLDB i gcomhair gnólacht de do rogha féin. (20)

**(C)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar na himpleachtaí a bhíonn ann nuair a chuireann bainisteoir Teoiric X McGregor i leith na bainistíochta i bhfeidhm.

**(ii)** Mínigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar bhainisteoir chun cur chuige Theoiric X i leith na bainistíochta i bhfeidhm. (20)

| **Ceist 6** | **Bainistíocht** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Ionad le haghaidh ócáidí sa tráthnóna sa cheantar áitiúil, ar nós dhamhsaí na nDeibeanna, is ea Óstán na Darach Ríoga. Tá bialann agus ionad fóillíochta san óstán freisin. Tá litir iarrtha acu óna soláthraí árachais, Árachas Iontach TEO., ina mbeadh breac-chuntas ar na cineálacha árachais a mholann siad gur chóir a bheith ag óstán.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na cineálacha árachais ba chóir a bheith ag Óstán na Darach Ríoga. (20)

**(B)** Pléigh na straitéisí a úsáidtear chun athruithe a bhainistiú i ngnólacht. (20)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Is bainisteoir í Gemma in Óstán na Darach Ríoga agus tá tuarastal comhlán €55,000 sa bhliain aici. Cuireann a fostóir Sochar Comhchineáil ar fiú €20,000 é ar fáil di. Caitear leis sin mar ioncam i dtaca le cúrsaí cánach agus gearrtar cáin air dá réir.

| **ÍMAT** | |
|---|---|
| 20% ar an gcéad €44,000 | 40% ar fhuílleach a hioncaim chomhláin |
| **Creidmheasanna Cánach** | |
| Creidmheas Cánach do Dhuine Singil €1,875<br>Creidmheas Cánach d'Fhostaí €2,000 | |
| **MSU** | |
| 0.5% ar an gcéad €12,012<br>2% ar an gcéad €9,281 eile<br>3% ar an bhfuílleach | |
| **ÁSPC** | |
| 4% dá hioncam comhlán | |

Ríomh gach ceann díobh seo a leanas do Gemma. (Taispeáin do chuid oibre)

(i) An ÍMAT atá le híoc ag Gemma

(ii) An méid iomlán MSU a íoctar

(iii) An méid iomlán ÁSPC a íoctar

(iv) An pá glan bliantúil a thugann Gemma abhaile (20)

| **Ceist 7** | **Bainistíocht/Gnó i nGníomh** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

| | |
|---|---|
| Cheannaigh Glanbia an branda Optimum Nutrition in 2008. Bhain sé sin le hathrú béime i dtreo táirgí tomhaltais cothúcháin. |  |

**(A)** Pléigh na buntáistí **agus** na míbhuntáistí a bhaineann le héadáil (táthcheangal) mar mhodh leathnaithe gnólachta. (20)

**(B)** Léirigh **ceithre** chéim, seachas seoladh, a d'fhéadfadh Glanbia a úsáid chun táirge nua a fhorbairt. (20)

**(C)**

> Is gnólacht mór cúiréireachta é Iompar Rosc Teo. a bhfuil oibríochtaí acu in Éirinn. Cheannaigh siad cúiréir beag réigiúnach ag a bhfuil flít atá ag dul in aois agus córas teicneolaíochta faisnéise a bhí as dáta.

Pléigh an chaoi a bhféadfadh Iompar Rosc Teo. úsáid a bhaint as foinsí airgeadais meántéarmacha éagsúla le haghaidh a gcuid riachtanas meántéarmach. (20)

**Ceist 8** **Gnó i nGníomh**

I measc na mbrandaí atá ag Proctor agus Gamble (P&G), tá Pampers, Ariel, Gillette agus Head & Shoulders.

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma punann táirgí.

**(ii)** Léirigh na modhanna éagsúla a bhaineann le deighilt an mhargaidh a úsáideann gnólachtaí ar nós Proctor agus Gamble. (20)

**(B)** Déan cur síos ar na cúiseanna a ndéanann gnólacht taighde margaidh. (15)

**(C)** Chuir P&G an t-eolas seo a leanas ar fáil maidir lena líne táirgí nua.

| | |
|---|---|
| Aschur Tuartha (Díolacháin) | 200,000 aonad |
| Praghas Díola in aghaidh an aonaid | €10 |
| Costais Sheasta | €600,000 |
| Costais athraitheacha in aghaidh an aonaid | €5 |

Bain úsáid as cairt chóimheá chun an méid seo a leanas a léiriú:

**(i)** An pointe cóimheá

**(ii)** An lamháil sábháilteachta ag an aschur tuartha

**(iii)** An brabús ag an aschur tuartha. (25)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

**An fógra cóipchirt**

D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025 – Ardleibhéal

# Gnó – Roinn 2 agus 3

Deardaoin 12 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:30